Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

DÚNADH SEALADACH BÓITHRE ALT 75, ACHT NA MBÓITHRE 1993

Tugtar fógra leis seo go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, ag feidhmiú a cumhachtaí faoi réir Alt 75, Acht na mBóithre 1993, na bóithre seo a leanas a dhúnadh ar an Satharn 10ú agus an Domhnach 11ú lá Mheitheamh 2017, idir 8:00r.n. agus 6:00 i.n., chun gur féidir le Club Mótair Ó Mic Coille Rás Cnoic Ó Mic Coille a reachtáil.

Na Bóithre a bheidh Dúnta:

- An R674 óna acomhal leis an N25 ag Crosaire na Rinne ar feadh achair 2.7km go dtí a acomhal leis an L2036 ag An Léith, An Rinn.
- An L2038 óna acomhal leis an R674 ag Baile Uí Shearúcháin ar feadh achair 3.1km go dtí a acomhal leis an N25 ag Bearna na Gaoithe.
- An L6123 óna acomhal leis an N25 ag Bearna na Gaoithe ar feadh achair 0.1km go dtí a acomhal leis an L2038 ag Bearna na Gaoithe.
- An L6115 ag a acomhal leis an R674 ag Baile Uí Shearúcháin An L6116 ag a acomhal leis an R674 ag An Léith, An Rinn

Bealach Eile:

Beidh trácht ag teacht ón Rinn agus ón Sean Phobal curtha ar mhalairt slí ag Gort na Daibhche ar an L2036 chomh fada le teach tábhairne "An Seanachaí" agus ar aghaidh go dtí an N25 ag an bpoinnte sin.

Leanfaidh trácht ag teacht ó Dhún Garbhán go dtí an Rinn agus An Sean Phobal ar aghaidh ar an N25 chomh fada le teach tábhairne "An Seanachaí" agus ansin leanfar an L2036 go dtí Gort na Daibhche.

Is féidir agóidí nó aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig: An Stiúrthóir Seirbhísí, Bóithre, Uisce agus Comhshaol, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, An Meal, Port Láirge roimh a **4.00 i.n. ar an Aoine, 5 Bealtaine, 2017.**

Fergus Galvin, Stiúrthóir Seirbhísí
Bóithre, Uisce agus Comhshaol **25th April 2017**

WCC 358
Dungarvan Observer 17x2 85mm
Dungarvan Leader 17x2 85mm

ss